



**ROINN NA GAEILGE
OLLSCOIL NA hÉIREANN
GAILLIMH**

CÚRSA BA sa GHAEILGE

**AN CHÉAD BHLIAIN 2011-2012
LEABHRÁN EOLAIS**



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Roinn na Gaeilge

A chara,

Fáilte romhat go dtí Roinn na Gaeilge anseo in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh agus tairbhe as do thréimhse anseo san Ollscoil, agus tá súil ar leith agam go n-éireoidh leat a bheith linn anseo i Roinn na Gaeilge as seo go ceann trí bliana.

Tuigim go maith go bhfuil go leor eolais faoi ghnéithe éagsúla de shaol na hOllscoile á chur i do láthair na laethanta seo, ach san am céanna ba mhaith liom míniú beag a thabhairt duit ar an gcúrsa Gaeilge atá anseo againn sa Chéad Bhliain.

Seo na sonraí is tábhachtaí faoin gcúrsa sa Chéad Bhliain:

1. Beidh **trí léacht** agus **rang teagaisc (dhá uair an chloig) sa teanga** agat gach seachtain.
2. Beidh deis agat freastal ar dhá chúrsa deireadh seachtaine agus cúrsa amháin seachtaine sa Ghaeltacht ar tháille an-bheag.
3. Is geall le Gaeltacht é Áras na Gaeilge, áit a bhfuil oifigí agus seomraí ranga Roinn na Gaeilge suite – agus tá an bhialann “Bia Léinn” suite ansin freisin, áit a bhfaighidh tú greim le hithe le comhluadar geanúil a labhrann Gaeilge. Bain úsáid as!

Tá sé an-tábhachtach taitneamh a bhaint as do thréimhse ollscoile agus as saol na gcumann – molaimid duit clárú leis an gCumann Éigse, An Cumann Craic nó an Cumann Drámaíochta – ach tá sé an-tábhachtach freisin **freastal ar do chuid léachtaí ar fad agus ar do chuid ranganna teagaisc ar fad**. Tá sé an-tábhachtach chomh maith do chuid oibre a dhéanamh sna ranganna teagaisc gach seachtain mar comhaireann an obair scríofa sna ranganna sin don mheasúnú leanúnach sna scrúduithe. Ar an gcaoi chéanna. Tá sé an-tábhachtach do chuid aistí a dhéanamh in am mar is cuid den scrúdú iad sin freisin.

Is fiú go mór duit an Ghaeilge a dhéanamh mar ábhar acadúil san ollscoil. Tá réimse leathan postanna ar fáil do chéimithe Gaeilge anois, ó phostanna ‘traidisiúnta’ mar mhúinteoireacht nó an tseirbhís phoiblí agus earnáil na Gaeilge agus na Gaeltachta i gcoitinne, go dtí postanna dúshlánacha, nua-aoiseacha mar iriseoireacht, cúrsaí margaíochta agus cumarsáide srl. Ina theannta sin, le feidhmiú Acht na dTeangacha Oifigiúla, agus leis an stádas atá anois ag an nGaeilge mar theanga Eorpach, beidh fás mór i líon na bpostanna nua spéisiúla a dteastóidh ardscoiléanna Gaeilge iontu, m.sh., aistriúchán, ateangaireacht, riarachán srl.

Más spéis leat na cúrsaí seo a phlé liom, buail isteach chugam i m’oifig, Seomra 119 in Áras na Gaeilge, agus beimid ag caint le chéile. Nó sin, glaoigh orm ag an uimhir 091-492560, nó cuir ríomhphost chugam ag gearoid.denvir@oegaillimh.ie más maith leat.

Is mise agat,

Gearóid

An tOllamh Gearóid Denvir
Comhordaitheoir 1BA

Leabhrán Eolais 1BA sa Ghaeilge

Clár an Ábhair

Sonraí Teagmhála Roinn na Gaeilge	4
Lucht Teagaisc 1BA	5
Clár ama 1BA sa Ghaeilge	6
Dátaí agus Modúil Chúrsa 1BA sa Ghaeilge	8
Marcanna do Mhodúl na Teanga	9
Measúnú Leanúnach: Treoir do Mhic Léinn	10
1BA sa Ghaeilge: An Siollabas	11
NG 127 Ceartúsáid na Gaeilge	12
NG 125 Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge	13
NG 126 Saíocht agus Sochaí na Gaeilge	14
Leathanach Clúdaigh d'aiste	16
Treoirlínte maidir le Scríobh Aistí	17
Cód Cleachtais maidir le Bradaíl	18
Bileog Stíle Roinn na Gaeilge	20



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Roinn na Gaeilge
Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Oifig na Roinne: Seomra 215, Áras na Gaeilge
Guthán: 091 492564
Facs: 091 494522
Ríomhphost: fiona.depaor@oegaillimh.ie
Suíomh Idirlín: <http://www.nuigalway.ie/gaeilge>

SONRAÍ TEANGMHÁLA do IBA

Ceann Roinne: **An Dr. Graham Isaac**
Líne dhíreach 091 492550, Facs 091 494522
Seomra: 105, folíne: 2550
Ríomhphost: graham.isaac@nuigalway.ie

Rúnaí: **Fiona de Paor**
Seomra: 215, folíne: 2564, líne dhíreach 091 492564
Ríomhphost: fiona.depaor@oegaillimh.ie

Comhordaitheoir don Chéad Bhliain: **An tOllamh Gearóid Denvir**
Seomra 119, folíne 2560, líne dhíreach 091 492560
Ríomhphost: gearoid.denvir@oegaillimh.ie



OÉ Gaillimh
NUI Galway

LUCHT TEAGAISC 1BA 2011/2012

An tOllamh Gearóid Denvir, MA, PhD

Seomra: 119 Áras na Gaeilge, folíne: 2560

Ríomhphost: gearoid.denvir@oegaillimh.ie

Réimsí taighde agus teagaisc: Litríocht an 20ú hAois idir Fhilíocht, Phrós agus Litríocht Dhioscúrsúil; Litríocht an 19ú hAois; An Litríocht Bhéil; An tSochtheangeolaíocht; An Chritic Chultúrtha.

Lydia Groszewski, BA, Ard-Diplóma (Aistriúchán), MA

Seomra: 217 Áras na Gaeilge, folíne: 2585

Ríomhphost: lydia.groszewski@oegaillimh.ie

Réimsí taighde agus teagaisc: Litríocht an fichiú haois sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, an chritic liteartha, teoiricí an aistriúcháin.

Tomás L. Ó Murchú, BA, MPhil

Seomra: 217 Áras na Gaeilge, folíne: 2585

Ríomhphost: tomas.omurchu@oegaillimh.ie

Réimsí taighde agus teagaisc: Litríocht agus Gaeilge Chorca Dhuibhne; filíocht an 17ú hAois agus an 18ú hAois; saothar fileata Éamoinn de bhFál.

An Dr John Walsh, MA, PhD (Ollscoil Chathair BhÁC)

Seomra: 209 Áras na Gaeilge, folíne 2563

Ríomhphost: john.walsh@oegaillimh.ie

Réimsí taighde agus teagaisc: polasaí teanga i gcás na Gaeilge, reachtaíocht teanga, coincheap na Breac-Ghaeltachta, saothrú na téarmaíochta do mhionteangacha, meáin chumarsáide do mhionteangacha agus teanga agus forbairt shocheacnamaíoch.



AN CHÉAD BHLIAIN 2011-2012: AN CÚRSA

SEIMEASTAR I

- (i) NG 127 Ceartúsáid na Gaeilge: Dhá rang teagaisc sa teanga in aghaidh na seachtaine i seimeastar I (grúpaí agus uaireanta le socrú).
- (ii) NG 125 Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge: Trí léacht sa tseachtain

SEIMEASTAR II

- (iii) NG 127 Ceartúsáid na Gaeilge: Dhá rang teagaisc sa teanga in aghaidh na seachtaine i seimeastar II (grúpaí agus uaireanta mar a bhí i seimeastar I).
- (iv) NG 126 Saíocht agus Sochaí na Gaeilge: Trí léacht sa tseachtain

Tosóidh na **léachtaí** ar an Luan 19 Meán Fómhair 2011.

Tosóidh na **ranganna teagaisc** ar an Luan 03 Deireadh Fómhair 2011.

AN CHÉAD BHLIAIN 2011-12: AN TRÁTHCHLÁR

Seimeastar 1 19 Meán Fómhair – 02 Nollaig 2011

Léacht 1

<u>Am</u>	An Luan, 5.00—6.00
<u>Ionad</u>	Téatar Fottrell {Seomra 200, Áras na Mílaoise}
<u>Cúrsa</u>	NG 125 (i): An Nuafhilíocht
<u>Léachtóir</u>	An tOllamh Gearóid Denvir

Léacht II

<u>Am</u>	An Mháirt, 4.00—5.00
<u>Ionad</u>	Téatar Fottrell {Seomra 200, Áras na Mílaoise}
<u>Cúrsa</u>	NG 125 (ii): An Béaloideas
<u>Léachtóir</u>	Tomás L. Ó Murchú, MPhil

Léacht III

<u>Am</u>	An Chéadaoin, 3.00—4.00
<u>Ionad</u>	Téatar Choilm Uí Eocha {Seomra 250, Áras na Mílaoise}
<u>Cúrsa</u>	NG 125 (iii) : An Gearrscéal sa lá atá inniu ann
<u>Léachtóir</u>	Lydia Groszewski, MA



Seimeastar 2
9 Eanáir – 31 Márta 2012

Léacht I

Am

Ionad

Cúrsa

Léachtóir

Seachtain 1-6

An Luan, 5.00—6.00

Téatar Fottrell

{Seomra 200, Áras na Mílaoise}

NG 126 (i): Oidhreacht liteartha & chultúrtha na Gaeilge, 1800-1922

An tOllamh Gearóid Denvir

Seachtain 7-12

Am

Ionad

Cúrsa

Léachtóir

An Luan, 5.00—6.00

Téatar Fottrell

{Seomra 200, Áras na Mílaoise}

NG 126(ii): An Ghaeilge in Éirinn agus in Albain

An Dr. John Walsh

Léacht II

Am

Ionad

Cúrsa

Léachtóir

Seachtain 1-6

An Mháirt, 4.00—5.00

Téatar Fottrell

{Seomra 200, Áras na Mílaoise}

NG 126 (i): Oidhreacht liteartha & chultúrtha na Gaeilge, 1800-1922

An tOllamh Gearóid Denvir

Seachtain 7-12

Am

Ionad

Cúrsa

Léachtóir

An Mháirt, 4.00—5.00

Téatar Fottrell

{Seomra 200, Áras na Mílaoise}

NG 126(ii): An Ghaeilge in Éirinn agus in Albain

An Dr. John Walsh

Léacht III

Am

Ionad

Cúrsa

Léachtóir

An Chéadaoin, 3.00—4.00

Téatar Fottrell {Seomra 200, Áras na Mílaoise}

NG 126 (iii): An tÚrscéal

Lydia Groszewski, MA



AN GHAEILGE SA CHÉAD BHLIAIN, 2011-2012: DÁTAÍ

Teagasc	Scrúduithe scríofa
Seimeastar 1: 19 Meán Fómhair – 02 Nollaig 2011	12 – 16 Nollaig 2011
Seimeastar 2: 09 Eanáir – 30 Márta 2012	16 – 20 Aibreán 2012

AN GHAEILGE SA CHÉAD BHLIAIN, 2011-2012: MODÚIL AN CHÚRSA

Cód	Modúl	Modh Scrúdaithe	Marcanna	ECTS
NG 127	Ceartúsáid na Gaeilge	Measúnú Leanúnach Scrúdú Scríofa Scrúdú Cainte	200 150 50 Iomlán 400	5
NG 125	Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge (i) An Nuafhilíocht (ii) An Béaloideas (iii) An Gearrscéal sa lá atá inniu ann	Scrúdú Scrúdú Scrúdú	100 100 100 Iomlán 300	5
NG 126	Saíocht agus Sochaí na Gaeilge (i) Oidhreacht liteartha agus chultúrtha na Gaeilge, 1800-1922 (ii) An Ghaeilge in Éirinn & in Albain (iii) An tÚrscéal (Ní mór an Aiste a fhágáil isteach in oifig an Rúnaí roimh <u>5.00 ar an Aoine 30 Márta 2012</u>)	Scrúdú Scrúdú Aiste	100 100 100 Iomlán 300	5
Iomlán don bhliain			1000	15

RIACHTANAIS AN CHÚRSA

Tá gach cúrsa **RIACHTANACH** do na mic léinn i ngnáthchúrsa na Gaeilge.

Moltar do mhic léinn freastal a dhéanamh ar gach léacht agus ar gach rang teagaisc.
Moltar do mhic léinn na ceachtanna uilig don mheasúnú leanúnach a dhéanamh in am.

Moltar do mhic léinn an aiste do NG126 (iii) An tÚrscéal a dhéanamh in am.

Mura dtugann tú do chuid oibre isteach in am, ní bheidh ar do theagascóir glacadh leis. Tá baol ann go dteipfeadh ort sa chúrsa sa chás sin. Fút féin atá an fhreagracht cloí leis na spriocdhátaí.



Marcanna do mhodúil na Teanga, 1BA

NG 127 Ceartúsáid na Gaeilge (Seimeastar 1 agus Seimeastar 2)

Measúnú Leanúnach	200
An Scrúdú Scríofa	150 (Aiste 100; Gramadach 50)
Scrúdú Cainte	50
<u>Iomlán</u>	<u>400</u>

1. Meabhraítear don mhac léinn gur gá **PAS GLAN** a fháil sa modúl teanga. (Riail Ollscoile atá anseo a bhaineann leis na teangacha go léir.)
2. Ciallaíonn sé sin go bhfuil ort **ar a laghad 40%** a fháil sa **scrúdú teanga** ina iomláine. Ní féidir leat marcanna a chúiteamh ó mhodúil ar bith eile.
3. Mura mbíonn **PAS GLAN** agat in NG127, beidh ort an scrúdú sin a dhéanamh arís i mí na Bealtaine.
4. Is ionann an measúnú leanúnach agus na ceachtanna scríofa a dhéanann tú gach seachtain sna ranganna teagaisc. Tugann an teagascóir marc ar gach ceacht agus bunaítear an marc **iomlán** sa mheasúnú leanúnach ar **mheánmharc na gceachtanna go léir a bhí le déanamh agat agus ní ar na cinn a rinne tú.** (Féach an Córas Marcála don Mheasúnú Leanúnach thíos.)
5. Má chailleann tú ceacht scríofa, beidh tionchar diúltach aige ar do mheánmharc ag an deireadh. Mar sin tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfá freastal ar **GACH** rang teanga agus go ndéanfá **GACH** ceacht in am.

An Córas Marcála don Mheasúnú Leanúnach

Ag deireadh na bliana bronntar marcanna ar an obair scríofa a dhéanann an mac léinn go leanúnach sna ranganna teagaisc teanga. 200 marc san iomlán atá i gceist.

Déanfar an dáileadh de réir an chórais seo a leanas:

- (i) Bunófar an marc seo ar mheánmharc na gceachtanna atá le déanamh ag an mac léinn.
- (ii) Úsáidfeá an fhoirmle seo a leanas: iomlán na marcanna méadaithe faoi chodán a bhunófar ar an gcomhréir idir líon na gceachtanna a thugtar isteach agus líon iomlán na gceachtanna atá le déanamh, méadaithe faoin meánchéatadán a shaothraíonn an mac léinn in (i) thuas.

Sampla: Má dhéanann mac léinn 4 ceacht as 5 cinn, agus más 50% an meánmharc de réir (i) thuas, ríomhfar an marc don mheasúnú leanúnach mar seo:

$$\text{Iomlán} = 100 \times 4/5 \times 50\% = 40 \text{ marc as } 100$$

N.B. Ní féidir dul ar aghaidh go dtí an dara bliain i dteanga ar bith gan pas glan a fháil sna modúil teanga agus sna modúil litríochta faoi seach. Ní leor pas le cúiteamh chun dul ar aghaidh go dtí an dara bliain.



MEASÚNÚ LEANÚNACH TREOIR DO MHC LÉINN

Tá na rialacha seo a leanas i bhfeidhm maidir leis an measúnú leanúnach:

- Clóscríobh gach píosa le spás go leith nó spás dúbailte. Cuir ar an ríomhphost chuig an teagascóir é faoin dáta a leagadh síos nó tabhair dó/di go pearsanta é sa rang teagaisc.
- Sna tascanna scríbhneoireachta, is gá cloí le líon na bhfocal (mura n-iarrfar a mhalairt, i gcás léamhthuisctí, mar shampla). Ní shaothróidh tú aon mharc breise má théann tú thar an teorainn focal sin ach caillfidh tú marcanna mura scríobhfar go leor.
- Coinneofar cuntas den fhreastal a dhéanann an mac léinn ar na ranganna teagaisc. Cuirfear timpeall rolla le síniú gach seachtain.
- Ní ghlacfar le hobair atá déanach gan cúis mhaith. Má ghlacann an teagascóir le hobair dhéanach ó mhac léinn amháin, beidh buntáiste éagothrom aige/aici ar na mic léinn eile. Cuirfear an riail sin i bhfeidhm ó thús na bliana. Níor cheart duit iarracht a dhéanamh an measúnú leanúnach ar fad a thabhairt don teagascóir ag deireadh an tseimeastair; ní ghlacfar leis sin ach an oiread.
- Má bhí tú tinn nó breoite, ba cheart duit teastas dochtúra nó teastas ó sheirbhísí comhairleoireachta na hollscoile a thabhairt d’Fhiona de Paor.
- Ná déan bradaíl. Má chóipeálann tú an mheasúnacht leanúnach ó fhoinse éigin, gan aitheantas a thabhairt don fhoinse sin, is bradaíl í sin agus is cion tromchúiseach í. Tá cur síos ar pholasaí na hollscoile faoin mbradaíl ar fáil sa lámhleabhar seo.



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Roinn na Gaeilge

BA sa Ghaeilge

An Chéad Bhliain

SIOLLABAS

NG 127 Ceartúsáid na Gaeilge				
Bliain	Uaireanta sa tseachtain	Iomlán Uaireanta	Marcanna	ECTS
1BA	2	48	400	5
Comhordaitheoir an Mhodúil An Dr. Graham Isaac				
Aidhmeanna an Mhodúil Tuiscint a thabhairt don mhac léinn ar: <ul style="list-style-type: none"> ○ Na príomhghnéithe de ghramadach na Gaeilge ionas go mbeidh ar chumas an mhic léinn an teanga a scríobh go muiníneach agus go cruinn ○ Na scileanna éagsúla teanga (éisteacht, labhairt, tuiscint, scríobh)) i gcomhthéacs an tsiollabais nua don Ghaeilge ar an tríd leibhéal (www.teagascnagaeilge.ie) ○ An cineál Gaeilge is gá a úsáid ar an gcúrsa BA sa Ghaeilge 				
Torthaí na Foghlama Ar chríochnú an mhodúil seo beidh <ul style="list-style-type: none"> ○ Tuiscint bhreise ag an mac léinn ar na príomhghnéithe de ghramadach na Gaeilge ○ Breis muiníne ag an mac léinn as a c(h)umas Gaeilge, labhartha agus scríofa ○ Breis cumais ag an mac léinn sna scileanna éagsúla teanga (éisteacht, labhairt, tuiscint, scríobh) 				
Míreanna an Mhodúil Ranganna teagaisc: dhá rang teagaisc sa tseachtain i Seimeastar 1 & 2				
Téacsanna Mac Congáil, N. <i>Leabhar Gramadaí Gaeilge</i> . Indreabhán: (Cló Iar-Chonnachta 2002) Mac Congáil, N. <i>Irish Grammar Book</i> . (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta 2003) Mac Murchaidh, C. <i>Cruinnscríobh na Gaeilge</i> . (BÁC: Cois Life 2006) Ní Mhaonaigh, S. & Mac Lochlainn, A. <i>Speaking Irish/An Ghaeilge Bheo</i> . (New York: McGraw Hill 2008) (leabhar & DVD) Ó Dónaill, É. <i>Teach Yourself Irish Grammar</i> . (Londain: Hodder Education 2005) Ó Murchú, D., Ó Murchú, P. <i>Briathra na Gaeilge: Regular and Irregular</i> . (BÁC: Folens) Rialtas na hÉireann <i>Gramadach na Gaeilge agus Litriú na Gaeilge: An Caighdeán Oifigiúil</i> . (BÁC: Oifig an tSoláthair 1979)				
Léitheoireacht Bhreise An Roinn Oideachais <i>An Foclóir Beag</i> . (BÁC: Oifig an tSoláthair 1991) de Bhaldraithe, T. (eag.) <i>English-Irish Dictionary</i> . (BÁC: Oifig an tSoláthair 1998 [1959]) Grundy V. agus Ó Cróinín, B. (eag.) <i>The Pocket Oxford Irish Dictionary</i> . (Oxford: OUP 2000) Mac Mathúna, S., <i>et al.</i> (eag.) <i>Pocket Irish Dictionary</i> . (Londain: Harper Collins 1997) Ó Baoill, D.P. (eag.) <i>An Foclóir Póca</i> . (BÁC: An Gúm 1986) Ó Dónaill, N., de Bhaldraithe, T. (eag.) <i>Foclóir Gaeilge-Béarla</i> . (BÁC: Oifig an tSoláthair 1977)				
Modh Seachadta	Ranganna teagaisc			
Teanga an Ranga	Gaeilge			
Seimeastar	1 & 2			
Modhanna Measúnachta	Measúnacht leanúnach agus scrúdú scríofa			
Iomlán na Marcanna	400			

NG 125 Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge				
Bliain	Uaireanta sa tseachtain	Iomlán Uaireanta	Marcanna	ECTS
1BA	3	36	300	5
Comhordaitheoir an Mhodúil An Dr. Graham Isaac				
Aidhmeanna an Mhodúil Tuisicint a thabhairt don mhac léinn ar: <ul style="list-style-type: none"> o Ilghnéitheacht litríocht chomhaimseartha na Gaeilge o Saíocht bhéaloideas na Gaeilge o Seánraí liteartha Gaeilge idir bhéil agus scríofa o Comhthéacs liteartha agus cultúrtha na nualitríochta comhaimseartha o Téamaí agus cleachtais na litríochta agus na béalraíochta o Buneilimintí an ghearrscéil: plota, suíomh, pointe féachana, carachtracht agus téama 				
Torthaí na Foghlama Ar chríochnú an mhodúil seo beidh <ul style="list-style-type: none"> o Forbairt ar chumas léitheoireachta agus tuisceana an mhic léinn o Ar chumas an mhic léinn bunfhoclóir na critice a láimhseáil o Ar chumas an mhic léinn anailís liteartha a dhéanamh ar dhánta agus ar scéalta faoi leith o Léargas ag an mac léinn ar a gcuimsítear leis an téarma béaloideas 				
Míreanna an Mhodúil <ul style="list-style-type: none"> (i) An Nuafhilíocht (ii) An Béaloideas (iii) An Gearrscéal sa lá atá inniu ann 				
Téacsanna <ul style="list-style-type: none"> (i) An Nuafhilíocht Gearóid Denvir, <i>Duanaire an Chéid</i> Michael Davitt, <i>Dánta 1966-1998</i> (ii) An Béaloideas Cuirfear ábhar ar fáil sna léachtaí (iii) An Gearrscéal sa lá atá inniu ann <i>Gearrscéalta Ár Linne</i> eag. Brian Ó Conchúir (Cló Iar-Chonnacht 2006) 				
Léitheoireacht Bhreise <ul style="list-style-type: none"> (i) An Nuafhilíocht Denvir, Gearóid, <i>Litríocht agus Pobal</i>, 21-59, 239-261. Ó Cearnaigh, Seán, <i>Poetry Ireland</i>, Uimh. 39 (Eagrán speisialta ar fhilíocht na Gaeilge) Ó Dúill, Greagóir, <i>Fearann Pinn</i>, Réamhrá Ó hAnluain, Eoghan ‘Nuafhilíocht na Gaeilge 1966-86’, <i>Léachtaí Cholm Cille XVII</i> Ó Tuama/ de Paor, <i>Coiscéim na hAoise Seo</i>, Réamhrá ix-xix Williams/Ní Mhuiríosa, <i>Traidisiún Liteartha na nGael</i> (354-386) (ii) An Béaloideas Seán Ó Súilleabháin <i>Caitheamh Aimsire Ar Thórraimh</i> (An Clóchomhar 1980). Tabharfar liosta léitheoireachta amach leis an siollabas. (iii) An Gearrscéal sa lá atá inniu ann ‘Réamhrá’, Brian Ó Conchúir <i>Gearrscéalta Ár Linne</i>. 2006. ‘An Scéalaíocht’, Louis De Paor. <i>Téacs agus Comhthéacs</i>. Eag. Ní Annracháin & Nic Dhiarmada, 1998. <i>An Gearrscéal sa Ghaeilge 1898-1940</i> Aisling Ní Dhonnchadha, An Clóchomhar 1981. 				
Modh Seachadta		Léachtaí		
Teanga an Ranga		Gaeilge		
Seimeastar		1		
Modhanna Measúnachta		NG 125 (i) Scrúdú NG 125 (ii) Scrúdú NG 125 (iii) Scrúdú		
Iomlán na Marcanna		300		

NG 126 Saíocht agus Sochaí na Gaeilge				
Bliain	Uaireanta sa tseachtain	Iomlán Uaireanta	Marcanna	ECTS
1BA	3	36	300	5
Comhordaitheoir an Mhodúil An Dr. Graham Isaac				
Aidhmeanna an Mhodúil				
Tuiscint a thabhairt don mhac léinn ar:				
<ul style="list-style-type: none"> ○ Imeachtaí na Gaeilge sa 19ú hAois, idir stair chultúrtha agus liteartha agus scéal na teanga ○ Staid chomhaimseartha na Gaeilge in Éirinn, in Albain agus i Manainn ○ Gnéithe d'úrscealaíocht chomhaimseartha na Gaeilge ○ Taithí ar léitheoireacht leanúnach a dhéanamh sa phrós comhaimseartha 				
Torthaí na Foghlama				
Ar chríochnú an mhodúil seo beidh				
<ul style="list-style-type: none"> ○ Tuiscint ag an mac léinn ar staid agus stádas na Gaeilge mar theanga phobail sa 19ú haois mar chúla do thuiscint ar scéal comhaimseartha na teanga ○ Tuiscint ag an mac léinn ar staid chomhaimseartha na Gaeilge in Éirinn, in Albain agus i Manainn. ○ Tuiscint ag an mac léinn ar ghnéithe éagsúla d'úrscealaíocht chomhaimseartha na Gaeilge ○ Cur amach ag an mac léinn ar roinnt de na húdair a bhfuil léitheoireacht éadrom do dhaoine fásta á soláthar acu ○ Taithí ag an mac léinn ar léitheoireacht leanúnach a dhéanamh i bprós comhaimseartha na Gaeilge 				
Míreanna an Mhodúil				
(i) Oidhreacht liteartha agus chultúrtha na Gaeilge, 1800-1922				
(ii) An Ghaeilge in Éirinn agus in Albain				
(iii) An tÚrscéal				
Téacsanna				
(i) Oidhreacht liteartha agus chultúrtha na Gaeilge, 1800-1922				
Ní bheidh aon téacsleabhair ar leith ar an gcúrsa seo, ach tá léitheoireacht riachtanach luaite sa liosta léitheoireachta thíos. Tabharfar amach dáileog ranga a bheas ag teastáil ag chuile léacht.				
(i) An Ghaeilge in Éirinn agus in Albain				
Ó Tuathaigh, G. 'An Ghaeltacht: Súil Siar agus Súil Romhainn'. In: Ó Tuathaigh, G., Ó Laoire, L.L., Ua Súilleabháin, S. (eag.) <i>Pobal na Gaeltachta: a scéal agus a dhán</i> . (Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta agus Raidió na Gaeltachta 2000, 732-746)				
McLeod, W. <i>Revitalising Gaelic in Scotland</i> . (Dún Éideann: Dunedin Academic Press 2006) – an chéad alt le Rob Dunbar amháin.				
Mac Murchaidh, C. (eag.) <i>Who Needs Irish? Reflections on the Importance of the Irish Language Today</i> . (BÁC: Veritas 2004)				
Ó Murchú, H. (eag.) <i>Léargais: Pobail na Gaeilge 2006</i> . (BÁC: Glór na nGael 2006)				
Ó Murchú, H. <i>More facts about Irish</i> . (BÁC: Biúró Eorpach do Theangacha Neamhfhorleathana 2008)				
(ii) An tÚrscéal				
Ré Ó Laighléis, <i>Chagrin</i> (Cló Mhaigh Eo, 1999)				
Alan Titley, <i>Gluaiseacht</i> (An Gúm, 2009)				
Léitheoireacht Bhreise				
(i) Oidhreacht liteartha agus chultúrtha na Gaeilge, 1800-1922				
Denvir, Gearóid 'Conradh na Gaeilge: Tús agus Fás', in <i>Aistí Phódraic Uí Chonaire</i> , 219-268.				
'Conradh na Gaeilge: 100 Bliain ag Fás', in <i>Litríocht agus Pobal</i> , 341-373.				
Ó Ciosáin, Niall 'Gaelic Culture and Language Shift', in Geary/Kelleher, <i>19th Century Ireland: A Research Review</i> , pp. 136-152.				
Ó Súilleabháin, D. <i>Scéal an Oireachtais</i>				
Ó Muraíle, Nollaig 'Staid na Gaeilge i gConnachta in Aimsir Sheáin Mhic Éil', in Áine Ní Cheanainn, <i>Leon an Iarthair</i> , 37-67.				
Ó Tuathaigh, G. 'Maigh Nuad agus Stair na Gaeilge', in Eag., Etáin Ó Síocháin, <i>Maigh Nuad agus Saothrú na Gaeilge: 1795-1995</i> , 13-35.				

(ii) An Ghaeilge in Éirinn agus in Albain	
Foras na Gaeilge	<i>An Ghaeilge – is leatsa í: a guide to making the Irish language your language.</i> (BÁC: Foras na Gaeilge 2005).
Ó Murchú, H.	<i>Irish: facing the future/An Ghaeilge: a hAghaidh Roimpi.</i> (BÁC: EBLUL 1999).
Ó Murchú, M.	<i>The Irish Language.</i> (BÁC: Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Bord na Gaeilge, 1985).
Ó Murchú, M.	<i>Ag dul ó chion? Cás na Gaeilge 1952-2002.</i> (BÁC: Coiscéim, 2002).
Scott, M. agus Ní Bhaoill, R. (eag.)	<i>Gaelic-medium education provision: Northern Ireland, the Republic of Ireland, Scotland and the Isle of Man.</i> (Béal Feirste: Cló Ollscoil na Riona, 2003)
Stowell, B. & Ó Bréasláin, D.	<i>A Short History of the Manx Language.</i> (Béal Feirste: An Clochán, 1996)
(iii) An tÚrscéal	
Is iad na téacsanna amháin atá le léamh ar an gcúrsa seo. Bain taitneamh astu!	
Modh Seachadta	Léachtaí
Teanga an Ranga	Gaeilge
Seimeastar	2
Modhanna Measúnachta	NG 126 (i) Scrúdú NG 126 (ii) Scrúdú NG 126 (iii) Aiste
Iomlán na Marcanna	300



OÉ Gaillimh
NUI Galway

Roinn na Gaeilge

Leathanach Clúdaigh d'Aiste

Ainm: _____

Uimhir Mhic Léinn: _____

Rang: _____

Ábhar eile: _____

Seoladh R-phoist: _____

Guthán Póca: _____

Cúrsa agus Cód: _____

Léachtóir an Chúrsa: _____

Spriodháta: _____

Teideal na hAiste: _____

_____ **Líon focal:** _____

Dearbhú

Dearbhaím leis seo gur liom féin, agus liom féin amháin, an saothar seo, go bhfuil admháil chuí déanta agam ar aon fhoinsí ar bhain mé úsáid astu, agus nach bhfuil aon bhraidaíl déanta agam ar shaothar aon duine eile.

Síniú an mhic léinn: _____

Dáta: _____

- Is cáipéis thábhachtach í seo. Ní foláir í a sheoladh isteach i dteannta gach aiste.
- Ní ghlacfar le haiste ar bith tar éis na sprice gan dul i gcomhairle leis an gCeann Roinne agus teastas dochtúra a sholáthar.
- Tá an leathanach clúdaigh seo ar fáil ar shuíomh idirlín Roinn na Gaeilge

Treoirínite maidir le scríobh aistí

Iarrtar ar mhic léinn na treoirínite seo a leanas a leanacht agus aistí á scríobh acu:

- Ní foláir an **Leathanach Clúdaigh d'Aistí**, agus é comhlánaithe go cúí, a úsáid le gach aiste. Cuid bhunúsach den aiste an leathanach seo agus ní ghlacfar le haiste ar bith dá uireasa.
- Ní foláir gach aiste a fhágáil in oifig Roinn na Gaeilge faoin spriocdháta. Is í an aiste chlóschríofa an leagan oifigiúil den aiste. Ceadáítear leagan leictreonach den aiste a sheoladh chuig Rúnaí Roinn na Gaeilge fiona.depaor@oegaillimh.ie mar chúltaca amháin. Bí cinnte go gcuirfear stampa ar d'aiste in Oifig Roinn na Gaeilge agus bí cinnte freisin go dtugtar admháil stampáilte duit ar an aiste.
- Ba cheart gach aiste a chlóschríobh le spásáil 1.5.
- Ná scríobh ach ar thaobh amháin den leathanach.
- Bí cinnte go bhfuil uimhir ar chuile leathanach.
- Fág imeall 2.5 cm (1 orlach) ar dhá thaobh an leathanaigh. (Tugann sé seo deis don scrúdaitheoir nótaí a scríobh.)
- Ná cuir clúdach plaisteach ná clúdach ar bith eile ar an aiste. Is leor na leathanaigh a cheangal le stápla amháin.
- Déan profáil cháiréiseach ar d'aiste sula gcuirfidh tú isteach í. Má bhíonn cúrsaí litrithe, gramadaí srl., i gceart rachaidh sé sin i bhfeidhm ar an scrúdaitheoir.
- Sábháil do chuid oibre ar an ríomhaire go rialta agus coinnigh ar a laghad dhá chóip de do chuid oibre ar dhiosca neamhspleách ar an gcóras ríomhaireachta. Is féidir do chóras ríomhphoist a úsáid freisin le do chuid oibre a shábháil – seol chugat féin í. Coinnigh cóip chlóschríofa de d'aiste freisin ar fhaitíos go gcuirfí amú an aiste a shíneann tú isteach.
- Bí cinnte go dtuigeann tú polasaí na hOllscoile maidir le bradaíl liteartha agus cloígh leis an bpolasaí sin i gcónaí. Tá cóip den pholasaí reatha sa leabhrán eolais seo.
- Lean córas aitheanta tagartha maidir le fonótaí, tagairtí do shaothair eile srl., agus cuir leabharliosta cuimsitheach le d'aiste. Tá cóip de **Stílbhileog Roinn na Gaeilge** sa leabhrán eolais seo.
- Bí cinnte go gcloíonn tú leis an spriocdháta do chuile aiste. Is é polasaí Roinn na Gaeilge go marcáiltear aiste atá mall mar seo a leanas: marc lúide 10% d'aiste atá seachtain nó cuid de sheachtain mall; marc lúide 20% d'aiste atá idir seachtain agus coicís mall, marc lúide 30% d'aiste atá idir coicís agus trí seachtaine mall. Ní ghlacfar le haon aiste a bheas níos mó ná trí seachtaine mall agus is é neamhní an marc a bhronnfar ar an mac léinn don chúrsa a bheidh i gceist. I gcásanna eisceachtúla (m.sh., tinneas arna dhearbhu le teastas dochtúra) is féidir spriocdháta a chur siar le cead léachtóir an chúrsa nó le cead Cheann na Roinne.



Cód Cleachtais Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, maidir le déileáil le Bradaíl

Réamhrá

1. Is ionann bradaíl agus saothar duine eile a chóipeáil, a áireamh nó a lua go díreach gan é sin a aithint. Má chuirtear ábhar isteach le measúnú nó le foilsíú nó don phobal ina bhfuil bradaíl, is calaois í sin agus fiosrófar aon chás a mbeidh amhras fúithi, agus déileálfaidh an Ollscoil léi go cuí, ag cloí leis na nósanna imeachta leagtha síos anseo agus ag tagairt don Chód Araíonachta.
2. Measfar gur leis an mac léinn féin gach saothar agus gur scríobh sé/sí féin gach saothar a chuirfidh sé/sí isteach ar mhaithe le measúnú seachas sa chás gur tagairtí atá á n-úsáid de réir an disciplín acadúil cuí.
3. Cé go dtarlaíonn bradaíl uaireanta trí dhroch-chleachtas acadúil, agus nach mbíonn sé beartaithe calaois a dhéanamh, fós féin sáraíonn sé seo an cleachtas inghlactha agus caithfear an scéal a fhiosrú go cuí agus gníomhú air sin.
4. Ba chóir rialacháin, treoirlínte agus nósanna imeachta maidir le bradaíl a chur ar fáil agus ráiteas maidir leis a chur i lámhleabhar cúrsaí, ar láithreáin ghréasáin, ar fhógraí na roinne nó i mbileoga cuí do mhic léinn. Tá bradaíl in ann tarlú trí aineolais agus, dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go dtuigeann mic léinn an téarma agus chomh dáiríre is atá an cion.
5. Moltar do Ranna a iarraidh ar mhic léinn dearbhú gairid a shíniú gur leo féin an obair a chuireann siad isteach agus gur féidir an ráiteas sin a chur i bhfostú den obair, aiste nó tráchtas a sheolann siad isteach (nó a shíniú ag tús an chúrsa/na bliana acadúla, ag aithint gur léigh agus gur thuig an mac léinn na rialacháin maidir le bradaíl). Is é an aidhm atá leis an ráiteas seo ná prionsabal ráiteas (2) thuas a dhaingniú agus na riachtanais maidir le measúnú a mharcáiltear go foirmiúil a mheabhru do mhic léinn.
6. Beidh cásanna inar thug mic léinn cead do mhic léinn eile a gcuid oibre a chóipeáil faoi réir na nósanna imeachta seo agus measfar gur cion é.

Nósanna Imeachta

7. Ba chóir cúpla comhalta foirne a ainmniú i ngach dámh, a bheidh freagrach as déileáil le bradaíl¹
8. Ba chóir oiliúint a chur ar na comhaltaí foirne seo ar chásanna bunúsacha, ar threoirlínte reatha dea-chleachtais, ar theicnící maidir le bradaíl a íoslaghdú, a bhrath agus a fhreagairt agus ar fhorbairtí reatha náisiúnta agus idirnáisiúnta san earnáil ardoideachais.
9. Má cheapann duine den fhoireann teagaisc go bhféadfadh bradaíl a bheith déanta ag mac léinn ina s(h)aothar, ba chóir é sin a chur in iúl don chomhairleoir bradaíola ina d(h)ámh/réimse gaolmhar. Ba chóir tuarascail ghairid chomh maith le sampla den ábhar a bhfuil amhras faoi agus aon fhianaise ar bhradaíl a chur ar aghaidh chuig an gcomhairleoir.
10. Cuirfidh an comhairleoir bradaíola tús le fiosrúchán ar an mbradaíl a líomhnaítear a rinneadh, agus leagfaidh sé/sí amach an "mionchion" nó "mórchion" atá i gceist.
11. Is ionann mionchion agus céad chion an mhic léinn agus léiríonn sé droch-chleachtas acadúil. I measc na gcásanna seo tá:
 - o ábhar a mhí-úsáid ar bhealach soineanta de réir dealraimh;
 - o lua easnamhach cosúil le drochthagairtí, athinsint mhíchúí;
 - o ag brath an iomarca ar fhoinsí gan saothar an iarrthóra féin a bheith le feiceáil;
 - o cásanna inar ionann an bhradaíl agus cuid bheag den saothar agus/nó gné den saothar agus gur beag a chuireann sé leis an marc don mhodúil sin
12. Cuirfidh an comhairleoir, sna cásanna sin, agallamh ar an iarrthóir chun an bhradaíl, a líomhnaítear a rinneadh, a phlé.
13. Más deimhin leis an gcomhairleoir go bhfuil dóthain fianaise ann gur tharla an cion, tabharfar rabhadh i scríbhinn don mhac léinn chomh maith le comhairle ar bhradaíl a sheachaint agus go gcaithfear foinsí a aithint agus tagairtí chuí a dhéanamh díobh.

¹ Tagann sé seo leis na moltaí dea-chleachtais ó Sheirbhís Chomhairleach um Bhradaíl JISC na Ríochta Aontaithe agus léiríonn sé chomh maith an cleachtas i roinnt institiúidí. Cé go mbreathnaíonn sé cosúil le hualach breise riaracháin, tá buntáistí ag baint leis mar go gcuireann sé roinnt den fhreagracht ar an léachtóir nó, go deimhin, an Ceann Roinne i gceist. I roinnt ollscoileanna, ainmníonn gach roinn comhalta amháin foirne, agus in ollscoileanna eile, clúdaíonn comhalta foirne amháin roinnt ábhar i réimse gaolmhar." Chomh maith leis sin, má bhíonn líon beag comhaltaí foirne ag déileáil leis seo san ollscoil, agus a bhíonn oile sna cúrsaí seo, bíonn leanúnachas le feiceáil sa chleachtas. Is féidir "mionchionta" nó cionta admhaithe a aimsiú go sciobtha leis agus tagann sé leis an toradh ar Flanagan in aghaidh an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (1988, <http://www.ucc.ie/law/irlit/cases/159jr-88.htm>), mar a thagann an chuid eile de na treoirlínte seo.

14. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist le mórchionta:
 - alt i ndiaidh ailt a chóipeáil go hiomlán gan an fhoinsé a aithint;
 - aistí a chóipeáil ón Idirlíon gan an fhoinsé a thabhairt;
 - obair iomlán nó cuid de a chóipeáil ó mhac léinn eile gan a (h)eolas ná a c(h)ead;
 - an saothar céanna a chur isteach le measúnú faoi mhodúil éagsúla;
 - mórchionta lena bhfuil baint ag céimí sa tríú bliain nó iarchéimí (múinte nó taighde);
 - an dara cion, sa chás go bhfuair an mac léinn rabhadh i scríbhinn roimhe sin.
15. Agus mórchionta a líomhnaítear á mbreithniú, cuirfear an cion a bhfuil amhras fúithi in iúl don mhac léinn i scríbhinn, tabharfar cóip den saothar dó/di agus tabharfar cuireadh dó/di freastal ar agallamh leis an gcomhairleoir bradaíola agus le comhalta eile foirne².
16. Beidh an ceart ag an mac léinn "cara" a bheith leis/léi mar chuideachta agus mar chúnamh³.
17. San agallamh, inseofar go soiléir don mhac léinn an méid a líomhnaíodh, tabharfar cóip dó/di dá s(h)aothar agus tabharfar deis dó/di an obair a chosaint agus freagracht a admháil nó a shéanadh.
18. I mórchionta den sórt seo, sa chás gur deimhin leis an gcomhairleoir gur tharla an cion, caithfidh an comhairleoir cúrsa gníomh amháin a roghnú as trí cinn, ag brath ar a thromchúis is atá an cion:
 - (a) deis an saothar a dhéanamh arís agus a chur isteach, ach gurb é an marc is airde is féidir a bhaint amach ná pas, de réir an mhodúil sin;
 - (b) pionós acadúil a ghearradh ar an bpointe, is é sin gan marc ar bith a thabhairt don saothar go hiondúil, agus gan an rogha a thabhairt é a dhéanamh arís;
 - (c) an cás a chur os comhair Choiste Araíonachta na hOllscoile le breithniú. Sa chás seo, measfar gur Mórchion an cion i dtéarmaí Chód na hOllscoile agus, má chruthaítear an líomhain a bheith fíor, gearrfar pionós cuí, mar a leagtar amach in ailt 39 agus 40 den Chód.
19. I ngach cás, cuirfear cinneadh an chomhairleora agus aon phionós in iúl i scríbhinn don mhac léinn.
20. De réir Chód na hOllscoile, beidh an mac léinn i dteideal cinneadh a achomharc maidir le mionchás don Choiste Araíonachta.
21. Ba chóir taifead cuí a choinneáil⁴ i ndáil le haon líomhain a chruthaítear, taifead a bheidh an comhairleoir bradaíola in ann breathnú air chun a dhéanamh amach an dara cion nó cion eile a bheidh i gcás nua.
22. Ba chóir don Ollscoil faisnéis bhunúsach staitistiúil maidir leis na cásanna a cuireadh os comhair comhairleoirí, líon na rabhadh scríofa agus pionós eile a cuireadh i bhfeidhm agus an méid acu i ngach Roinn agus Dámh a bhailiú chun modhnú a dhéanamh ar na rialacháin seo ina dhiaidh seo agus chun an riachtanas maidir le hoiliúint agus scaipeadh faisnéise ar an ábhar seo a chinntiú.

² Mar shampla, an Ceann Roinne, comhalta sinsearach d'fhoireann na roinne, nó comhairleoir eile bradaíola.

³ Arna úsáid i gCód na hOllscoile. Féadfaidh tuismitheoir nó caomhnóir, mac léinn eile nó cara eile; ionadaí ó Chomhaltas na Mac Léinn, nó ionadaí dlí, más mian leis/léi, a bheith i gceist leis seo.

⁴ Ag an oifig chúf de chuid na hOllscoile.



Roinn na Gaeilge

Bileog Stíle/Treoir Faoi Thagairtí

Tá sé thar a bheith tábhachtach aon fhoinsé eolais a úsáideann tú a lua **i gceart** in aon phíosa oibre a thugann tú do léachtóir (aiste, tionscadal srl.). **Is féidir teip a thabhairt do mhac léinn nach ndéanann é seo, toisc gur bradaíl liteartha atá ann.** Cloítear mar sin leis na rialacha atá i bhfeidhm go ginearálta maidir le liosta leabhar/liosta foinsí Idirlín srl., a chur le chéile. Is é **Harvard** an córas a mholtar.

1. SLEACHTA SA TÉACS

Caithfear gach ráiteas, tuairim, conclúid srl. a thógtar ó shaothar údair eile a admháil, is cuma más tagairtí díreacha nó indíreacha atá i gceist. Ba cheart **foinsí a chur i lúibíní** ar cheann amháin de na bealaí seo a leanas:

- Má tá tú ag tagairt do thuairim duine a ndearna údar cur síos air:

Sampla [tagairt indíreach]:

Áitíodh gurbh í íogaireacht na linne faoin duine agus an pobal ina maireann sé an tionchar idirnáisiúnta ba mhó a bhí ar an úrscéal nua-aimseartha Gaeilge ó bhlianta an chogaidh i leith (Titley, 1991: 520).

- Má luann tú ainm an údair i do théacs féin:

Sampla [tagairt indíreach]:

Dar le Coimisiún na Gaeltachta, tá an Béarla ag teacht chun cinn mar ghnáth-theanga cumarsáide i gcuid mhaith den Ghaeltacht (2002: 10).

NÓ

Sampla [tagairt dhíreach]:

Dar le Coimisiún na Gaeltachta, tá an Béarla ag teacht chun cinn mar ghnáth-theanga cumarsáide i gcuid mhaith den Ghaeltacht:

I gcuid de na ceantair atá aitheanta mar cheantar Gaeltachta, tá an teanga chomh lag sin iontu gur ar éigean a d'fhéadfaí a rá gur teanga phobail í an Ghaeilge iontu ar aon bhealach réasúnta. Sna limistéir Ghaeltachta is láidre, tá an patrún dátheangach atá ag feidhmiú iontu ag tabhairt an lámh in uachtar don Bhéarla i saol an phobail agus tá úsáid an Bhéarla ag méadú iontu (2002: 10). [NB: Tá an sliocht seo **eangaithe** – míneofar **eangú** ar ball]

- Mura luann tú an t-údar ná an bhliain sa téacs [tagairt indíreach]:

Sampla:

I dtuarascáil a foilsíodh le déanaí, dúradh gur cruthaíodh suas le míle post nua sa Ghaeltacht sa bhliain 2000 (Údarás na Gaeltachta, 2001: 12).

- Nuair a bhíonn **níos mó ná leabhar amháin** in úsáid agat leis an údar céanna, déantar idirdhealú eatarthu mar seo:

Sampla:

Sna hochtóidí, má bhí náire ar mhuintir na hÉireann labhairt faoi chúrsaí collaíochta, phléifeadh Gay Byrne na ceisteanna seo dóibh (O'Toole, 1990: 168). Faoi na nóchaidí, áfach, ba mhó an plé oscailte a bhí ar siúl sna meáin chumarsáide (O'Toole, 1995: 132).

- Má scríobh an t-údar céanna dhá leabhar (nó níos mó) an bhliain chéanna, úsáidtear an córas seo: 1999a, 1999b, 1999c srl.
- Nuair a bhíonn **ábhar a scríobh níos mó ná beirt údar** in úsáid, déantar tagairt dó mar seo:

Sampla:

D'fhéadfaí a áiteamh gurb é an cuntas is cuimsithí ar shaol comhaimseartha na Gaeltachta an ceann a foilsíodh mar chuid de cheiliúradh na mílaoise nua (Ó Tuathaigh *et al*, 2000).

[sa chás seo, is é seo an tagairt iomlán:

Ó Tuathaigh, G., Ó Laoire, L.L. agus Ua Súilleabháin, S. (eag.), 2000. *Pobal na Gaeltachta: A Scéal agus a Dhán*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta]

- Gnéithe eile

Dátaí: Ba cheart iad a chur mar seo: 5 Meitheamh 1998. Scríobh ‘na caogaidí’ in ionad ‘na 50í’.

Uimhreacha: Ba cheart na huimhreacha níos lú na 10 a chur i bhfoirm scríofa: ‘sé theach’. Nuair atá níos mó ná 10 i gceist, úsáidtear na figiúirí féin: ‘141 timpiste’. Nuair a bhíonn céatadáin in úsáid, scríobhtar ‘16 faoin gcéad’ sa téacs ach ‘16%’ i aon táblaí atá in úsáid agat.

Nasc idir téacs agus sleachta: ba chóir nasc soiléir a bheith idir téacs an mhic léinn agus an sliocht/na sleachta a mbaintear úsáid astu. De ghnáth, úsáidtear idirstad (:) chun an nasc a chur in iúl.

Sleachta díreacha as téacs: Ba cheart iad seo a chur taobh istigh d’uaschamóga single mar seo: ‘Sa chomhthéacs seo, is teangacha beaga iad formhór de theangacha an domhain agus líon nach beag díobh i mbaol an bháis’ (Ó Murchú, 2001: 150).

Ba cheart sleachta níos faide, níos mó ná **daichead** focal ar fhaid, a **eangú** [indent]. Sa chás seo, **ní úsáidtear uaschamóga:**

Sa chomhthéacs seo, is teangacha beaga iad formhór de theangacha an domhain agus líon nach beag díobh i mbaol an bháis. Tá teangeolaithe ag bailiú sonraí ar fud an domhain le fiche éigin bliain anuas. Foilsítear achoimrí san iris *Ethnologue* (Summer Institute of Linguistics, SAM). De réir mheastacháin 1999, tá 96% de theangacha an domhain á labhairt ag 4% de dhaonra an domhain (Ó Murchú, 2001: 150).

Spásáil: Ba cheart go mbeadh spásáil 1.5 in úsáid tríd an téacs ar fad. Is féidir spásáil shingil a úsáid do shleachta eangaithe (mar atá thuas) don leabharliosta agus/nó aguisíní. Ina theannta sin is féidir cló laghdaithe (mar shampla 10 pte) a úsáid i sleachta eangaithe.

Sampla 1:

Mar a dhearbhaigh Ó Cadhain féin ina léargas ar an tsiocair nach raibh aon cheo rathúil á scríobh i nGaeilge lena linn:

Na daoine fásta a léas leabhra Gaeilge is é m’eolas-sa orthu, ar aon nós, gur déine an Piúratánachas seo iontu ná in aon dream eile den phobal. I scéal Gaeilge ní leor don Mhaith treise a fháil go glé-fhollasach ar an Olc.... Ní ceart an t-olc a léiriú beag ná mór.... Ní thagann beithígh faoi dháir i leabhra Gaeilge; is anuas le tuillte na Féile Míchíl a thig na naíonáin go léir; ní bhíonn mná ar bhruach an dá fhichead ag fiach fear, agus ná taobhaigh Portláirge ar a bhfacá tú ariamh! (Ó Laighin 1999:88)

Sampla 2:

Mar a dhearbhaigh Ó Cadhain féin ina léargas ar an tsiocair nach raibh aon cheo rathúil á scríobh i nGaeilge lena linn:

Na daoine fásta a léas leabhra Gaeilge is é m’eolas-sa orthu, ar aon nós, gur déine an Piúratánachas seo iontu ná in aon dream eile den phobal. I scéal Gaeilge ní leor don Mhaith treise a fháil go glé-fhollasach ar an Olc.... Ní ceart an t-olc a léiriú beag ná mór.... Ní thagann beithígh faoi dháir i leabhra Gaeilge; is anuas le tuillte na Féile Míchíl a thig na naíonáin go léir; ní bhíonn mná ar bhruach an dá fhichead ag fiach fear, agus ná taobhaigh Portláirge ar a bhfacá tú ariamh! (Ó Laighin 1999:88)

2. LIOSTA FOINSÍ AG DEIREADH AN TÉACS

- Déan liosta de na foinsí ar fad a d'úsáid tú. Cuir an liosta i ndeireadh d'aiste/togra.
- Cuir na foinsí i gcatagóirí éagsúla más cuí: foinsí clóite, foinsí dlí, foinsí leictreonacha, cláir raidió agus teilifíse srl.
- Cuir sloinne gach údair/cainteora (i gcás cláir raidió nó teilifíse) roimh a (h)ainm agus sórtáil an liosta in ord aibítre (A-Z faoi TABLE/TÁBLA ar an roghchlár)

2.1 Leabhair

1. Sloinne an údair mar atá sé ar an leathanach teidil, ceannlitir don chéad ainm agus an dara hainm más gá.
2. Bliain a fhoilsithe.
3. Teideal: Mar atá ar an leathanach teidil ach i *gcló iodálach*. Idirstad (colon - :) idir an teideal agus fotheideal má tá ceann ann - is cuma cén phoncaíocht atá ar an leabhar, nó mura bhfuil aon phoncaíocht air.
4. (Eagrán murab é an chéad eagrán é).
5. An áit ar foilsíodh é.
6. An foilsitheoir.

Samplaí:

Ó Buachalla, B., 1996. *Aisling Ghéar: na Stíobhartaigh agus an tAos Léinn 1603-1788*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Ó Ruairc, M., 1997. *Aistrigh go Gaeilge: Treoirleabhar*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

O'Donnell, J. agus de Fréine, S., 1992. *Ciste Cúrsaí Reatha*. Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin.

Titley, A., 1991. *An tÚrscéal Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

2.2 Ailt i Leabhair

1. Údar: Sloinne, chéad ainm/ceannlitir.
2. Bliain a fhoilsithe.
3. 'Teideal an ailt'.
4. Eagarthóir/Aistritheoir (sloinne, ceannlitir) agus (eag.) ina dhiaidh.
5. Eolas iomlán faoin leabhar mar atá thuas.
6. Eagrán murab é an chéad eagrán é.
7. An áit ar foilsíodh é.:
8. An foilsitheoir.
9. Uimhir/uimhreacha an leathanaigh/na leathanach ar a bhfuil an t-alt.

Samplaí:

Mac Mathúna, L., 2003. 'Rannpháirtíocht sna Cúrsaí Difríúla Gaeilge ar an Tríú Leibhéal'. In: Ó Laoire, M. agus Ó Murchú, H. (eag.) *Teagasc na Gaeilge 8*. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 48-59.

Denvir, G., 1997. 'Pádraic Ó Conaire agus Éire a Linne'. In: Denvir G. (eag.) *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 61-76.

2.3 Ailt in Irisí/Nuachtáin

1. Údar: Sloinne, chéad ainm/ceannlitir.
2. Bliain a fhoilsithe.
3. 'Teideal an ailt'.
3. Teideal na hirise/an nuachtáin i *gcló iodálach*.
4. Uimhir an imleabhair.

5. Uimhir an chéad leathanaigh agus an leathanaigh dheiridh den alt.

Samplaí:

Mac Conghail, M., 2003. ‘Aer is talamh titithe ina chéile – aiste léirmheasa’. *Comhar*, 63 (6), 3-7.

Holland, M., 1997. ‘McAleese will give wrong message to Unionists’. *Irish Times*, 14 Deireadh Fómhair, 18.

2.4 Foilseachán corparáideach nó rialtais

1. Ainm an eagrais (nó an rialtais) a d’fhoilsigh.
2. Bliain.
3. Teideal an fhoilseacháin *i gcló iodálach*.
4. An áit ar foilsíodh é.
5. Foilsitheoir.

Samplaí:

Coimisiún na Gaeltachta, 2002. *Coimisiún na Gaeltachta: Tuarascáil/Report*. Baile Átha Cliath: Coimisiún na Gaeltachta.

Údarás na Gaeltachta, 2001. *Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2000*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

2.5 Cláir Raidió agus Teilifíse

1. Cainteoir: Ainm agus Sloinne mar a tugadh.
2. ‘Teideal an chláir’.
3. Stáisiún.
4. Dáta craolta.

Samplaí:

Breathnach, P., ‘Soiscéal Pháraic’, TG4, 6 Samhain 2005.

Handy, C., ‘The Open Mind’, RTÉ Radio 1, 6 Samhain 1997.

Ní Dhonnchú, B., ‘Adhmhaidin’, RTÉ Raidió na Gaeltachta, 1 Márta 2002.

2.6 Agallaimh a rinneadh don taighde

1. Cainteoir: Sloinne agus ainm.
2. Bliain.
3. Teideal.
4. Áit inar tharla an t-agallamh.
5. Dáta an agallaimh.

Sampla:

Ó Neachtain, J.S., 2003. Agallamh le Joe Steve Ó Neachtain, scríbhneoir, An Spidéal, 1 Meán Fómhair.

2.7 Foinsí Leictreonacha

2.7.1 Ábhar ar an Idirlíon

1. Údar/Eagarthóir, Bliain.
2. *Teideal* an leathanaigh [ar-líne].
3. Áit an bhfuil an foilsitheoir lonnaithe agus ainm an fhoilsitheora (más ann dó/má tá a fhios agat).
4. ‘Ar fáil ag:’ agus seoladh URL chomh fada le .htm
5. (An dáta ar léigh tú é).

Samplaí:

Foras na Gaeilge, 2006. *Príomhfheidhmeannach nua ceaptha ar Fhoras na Gaeilge* [ar líne]. Baile Átha Cliath: Foras na Gaeilge. Ar fáil ag: <http://www.gaeilge.ie/foras/news/article.asp?id=159> (léite 15 Lúnasa 2006).

Ó Muirí, D., 2006. *Dúnmharú* [ar-líne]. Gleann Cholm Cille: Beo! Ar fáil ag: http://www.beo.ie/2006-08/?page=cuinne_na_nealaion&content_id=142 (léite 3 Meán Fómhair 2006).

2.7.2 Irisí leictreonacha

1. Údar, bliain.
2. ‘Teideal an ailt’.
3. Teideal na hirise *i gcló iodálach* [ar-líne].
4. Uimhir, mí (más ann dó).
5. ‘Ar fáil ag’ agus URL chomh fada leis an deireadh.
6. (An dáta ar léigh tú é).

Sampla:

Korgen, K., Odell, P. & Schumacher, P., 2001. ‘Internet Use Among College Students: Are There Differences By Race/ethnicity?’ *Electronic Journal of Sociology* [ar-líne], 5 (3), Márta. Ar fáil ag: <http://www.sociology.org/content/vol005.003/korgen.html> (Léite 12 Iúil 2002).

2.7.3 Teachtaireachtaí ríomhphoist

1. Seoltóir (seoladh an duine a sheol an ríomhphost), Lá Mí Bliain.
2. Ábhar na teachtaireachta.
3. ‘Ríomhphost chuig’ ainm an duine ar sheol tú an teachtaireacht chuige
4. (Seoladh ríomhphoist an duine eile).

Sampla:

Walsh, J. (John.Walsh@oegaillimh.ie), 21 Meán Fómhair 2005. Ábhar: Ceist faoi pholasaí an Údaráis. Ríomhphost chuig Údarás na Gaeltachta (eolas@udaras.ie).

2.7.4 Dlúthdhioscaí/Fistéipeanna/Dioscaí

1. Údar/Eagarthóir, Bliain.
2. *Teideal* [An cineál meáin]. (An t-eagrán).
3. An áit ar foilsíodh é: Ainm an fhoilsitheora (Más ann dó).
4. Ar fáil ó: Soláthraí.
5. (An dáta ar léigh tú é).

Sampla:

Hawking, S.W., 1994. *A Brief History of Time: an interactive adventure* [CD-ROM]. Crunch Media (Léite 23 Meán Fómhair 2000).

Leagan leasaithe:
Meán Fómhair 2009